

An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

13672/25

IXIM 214
FRONT 250
DELECT 160
COMIX 378
LI
NO
IS
CH

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	15 Deireadh Fómhair 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2025) 6856 final
Ábhar:	CINNEADH TARMLIGTHE ÓN gCOIMISIÚN an 15.10.2025 lena leasaítear Cinneadh Tarmligthe C(2023) 950 final ón gCoimisiún an 27 Márta 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha a shonrú le haghaidh comhfhreagairt idir na sonraí atá i dtaifead, i bhfoláireamh nó i gcomhad de chuid na gcóras faisnéise eile de chuid an Aontais a cheadaítear agus i gcomhad iarratais ETIAS

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 6856 final.

Faoi iamh: C(2025) 6856 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.10.2025
C(2025) 6856 final

CINNEADH TARMLIGTHE ÓN gCOIMISIÚN

an 15.10.2025

**lena leasaítear Cinneadh Tarmligthe C(2023) 950 final ón gCoimisiún an 27 Márta 2023
lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón
gComhairle, a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha a shonrú le haghaidh
comhfhreagairt idir na sonraí atá i dtaifead, i bhfoláireamh nó i gcomhad de chuid na
gcóras faisnéise eile de chuid an Aontais a cheadaítear agus i gcomhad iarratais ETIAS**

(Is iad na téacsanna Béarla, Bulgáirise, Cróitise, Danmhairgise, Eastóinise, Fionlainnise,
Fraincise, Gearmáinise, Gréigise, Iodáilise, Laitvise, Liotuáinise, Máltaise, Ollainnise,
Polainnise, Portaingéilise, Rómáinise, Seicise, Slóvaicise, Slóivéinise, Spáinnise, Sualainnise
agus Ungáirise amháin atá barántúil)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

I mí Mheán Fómhair 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2018/1240 lena mbunaítear an Córas Eorpach um Faisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS).

Leis an Rialachán sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún Eorpach gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i dtaca le forbairt agus cur chun feidhme teicniúil an Chórais Eorpaigh um Faisnéis agus Údarú Taistil.

Go háirithe, de bhun Aireagal 11(9) de Rialachán (AE) 2018/1240, tarmligtear an cúram don Choimisiún chun ‘na coinníollacha a shonrú le haghaidh comhfhreagairt idir na sonraí atá i dtaifead, i bhfoláireamh nó i gcomhad de chuid na gcóras faisnéise eile de chuid an Aontais a cheadaítear agus i gcomhad iarratais’.

I mí na Bealtaine 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2024/1358 lena mbunaítear ‘Eurodac’ chun sonraí bithmhéadracha a chur i gcomparáid le chéile chun Rialachán (AE) 2024/1351 agus (AE) 2024/1350 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2001/55/CE ón gComhairle a chur i bhfeidhm go héifeachtach, agus chun náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach a shainaithint, agus maidir le hiarrataí ó údarais forfheidhmithe dlí na mBallstát agus iarrataí ó Europol ar chomparáidí a dhéanamh le sonraí Eurodac chun críocha fhorfheidhmiú an dlí. Leis an Rialachán sin, leasaíodh Rialachán ETIAS chun na sonraí atá in Eurodac a thabhairt isteach ar cheart iad a cheadú i gcomparáid leis na sonraí atá in ETIAS. Mar gheall ar an leasú sin, is gá Cinneadh Tarmligthe C(2023) 950 final ón gCoimisiún a leasú chun an méid nua a tugadh isteach a chur san áireamh.

2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Bunaíodh foghrúpa ETIAS den Ghrúpa Saineolaithe maidir le Córais Faisnéise le haghaidh Teorainneacha agus Slándála ar mhaithe le cuidiú chun an gníomh tarmligthe a dhreachtú. Tugadh deis do gach Ballstát saineolaithe a ainmniú, i gcomhréir le hAirteagal 89(4) de Rialachán (AE) 2018/1240 agus na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

Dá thoradh sin, forbraíodh an Cinneadh seo ón gCoimisiún ar bhonn an ionchuir a thug saineolaithe ó na Ballstáit faoi chuimsiú an fhoghrúpa Saineolaithe a luaitear thuas.

Ina theannta sin, chuathas i gcomhairle leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (‘Frontex’), gníomhaireacht a mbunófar Láraonad ETIAS laistigh di, agus le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (‘Europol’).

Thairis sin, fuair an Coimisiún comhairle ó Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibriochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (‘eu-LISA’) maidir le riachtanais theicniúla agus indéantacht an bhirt atá beartaithe.

Chomh maith leis sin, chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí roimh an ngníomh a ghlacadh chun a áirithiú go n-urramófar na forálacha um chosaint sonraí.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

I gcomhréir le hAirteagail 19 agus 20 de Rialachán (AE) 2018/1240, i gcás ina gcuirtear iarratas ar údarú taistil isteach agus ina meastar é a bheith bailí, cruthóidh Lárchóras ETIAS comhad iarratais. Cuirfidh an Lárionad na sonraí sa chomhad iarratais i gcomparáid leis na sonraí atá i dtaifead, i bhfoláireamh nó i gcomhad de chuid na gcóras faisnéise eile de chuid an Aontais chun a fhíorú an bhfuil comhfhreagairt idir na sonraí.

I gcomhréir le hAirteagal 11(9) de Rialachán (AE) 2018/1240, ba cheart don Choimisiún na coinníollacha a shonrú le haghaidh comhfhreagairt idir na sonraí atá i dtaifead, i bhfoláireamh nó i gcomhad de chuid na gcóras faisnéise eile de chuid an Aontais agus comhad iarratais ETIAS.

Tá an Cinneadh seo i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, toisc go laghdaíonn sé an t-ualach ar na húdaráis agus ar an bpobal trí dheis a chur ar fáil teorainn a chur le líon na n-amas ba ghá a fhíorú de láimh.

CINNEADH TARMLIGTHE ÓN gCOIMISIÚN

an 15.10.2025

lena leasaítear Cinneadh Tarmligthe C(2023) 950 final ón gCoimisiún an 27 Márta 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha a shonrú le haghaidh comhfhreagairt idir na sonraí atá i dtaifead, i bhfoláireamh nó i gcomhad de chuid na gcóras faisnéise eile de chuid an Aontais a cheadaítear agus i gcomhad iarratais ETIAS

(Is iad na téacsanna Béarla, Bulgáirise, Cróitise, Danmhairgise, Eastóinise, Fionlainnise, Fraincise, Gearmáinise, Gréigise, Iodáilise, Laitvise, Liotuáinise, Máltaise, Ollainnise, Polainnise, Portaingéilise, Rómáinise, Seicise, Slóvaicise, Slóivéinise, Spáinnise, Sualainnise agus Ungáirise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226¹, agus go háirithe Airteagal 11(9) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2018/1240, bunaíodh an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil ('ETIAS'), córas is infheidhme maidir le náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa agus atá ag iarraidh dul isteach ar chríoch na mBallstát.
- (2) De bhun an Rialacháin sin, i gcás ina gcuirfidh náisiúnach tríú tír iarratas ar údarú taistil isteach agus ina meastar an t-iarratas a bheith bailí, cruthóidh Lárchóras ETIAS comhad iarratais. Cuardóidh an Lárchóras na córais faisnéise eile de chuid an Aontais ansin, chun a fhíorú an bhfuil comhfhreagairt idir na sonraí atá sa chomhad iarratais agus na sonraí atá i dtaifead, i bhfoláireamh nó i gcomhad de chuid na gcóras faisnéise eile de chuid an Aontais. Le Cinneadh Tarmligthe C(2023) 950 final² ón gCoimisiún, leagtar síos rialacha lena sonraítear na coinníollacha maidir le comhfhreagairt idir sonraí ó chomhad iarratais ETIAS agus sonraí a chuardaítear i gcórais faisnéise eile de chuid an Aontais.
- (3) Tar éis ghlacadh Rialachán (AE) 2024/1358 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³, lenar leasaíodh Rialachán (AE) 2018/1240, ba cheart Cinneadh

¹ IO L 236, 19.9.2018, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1240/oj>.

² Cinneadh Tarmligthe C(2023) 950 final ón gCoimisiún an 27 Márta 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha a shonrú maidir le comhfhreagairt idir na sonraí atá i dtaifead, i bhfoláireamh nó i gcomhad de chuid na gcóras faisnéise AE eile a cheadaítear agus i gcomhad iarratais ETIAS

³ Rialachán (AE) 2024/1358 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bunú 'Eurodac' chun sonraí bithmhéadracha a chur i gcomparáid le chéile chun Rialacháin (AE) 2024/1351 agus (AE) 2024/1350 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2001/55/CE

Tarmligthe C(2023) 950 final a leasú chun na sonraí atá in Eurodac atá le ceadú i gcomparáid leis na sonraí atá in ETIAS a thabhairt isteach.

- (4) Ós rud é go dtiocfaidh Rialachán (AE) 2024/1358 i bhfeidhm an 12 Meitheamh 2026, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ón dáta sin.
- (5) Ós rud é go gcuireann Rialachán (AE) 2018/1240 le *acquis* Schengen, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, thug an Danmhairg fógra faoi chur chun feidhme Rialachán (AE) 2018/1240 ina dlí náisiúnta. Dá bhrí sin, tá an Cinneadh seo ina cheangal ar an Danmhairg.
- (6) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu; ní thagann an Cinneadh seo faoi raon feidhme na mbeart dá bhforáiltear i gCinneadh 2002/192/CE ón gComhairle⁴. Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (7) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt⁵, ar fhorálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle⁶.
- (8) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt⁷, ar fhorálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle⁸.

ón gComhairle a chur i bhfeidhm go héifeachtach, agus chun náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach a shainaithint, agus maidir le hiarrataí ó údarais forfheidhmithe dlí na mBallstát agus iarrataí ó Europol ar chomparáidí a dhéanamh le sonraí Eurodac chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2024/1358, 22.5.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1358/oj>).

⁴ Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2002/192/oj>).

⁵ IO L 176, 10.7.1999, lch. 36, ELI: [https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:21999A0710\(02\)](https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:21999A0710(02)).

⁶ Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/1999/437/oj>).

⁷ IO L 53, 27.2.2008, lch. 52, ELI: [http://data.europa.eu/eli/agree_international/2008/178\(1\)/oj](http://data.europa.eu/eli/agree_international/2008/178(1)/oj).

⁸ Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis*

- (9) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt⁹, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle¹⁰.
- (10) Maidir leis an gCipir, is é atá sa Chinneadh seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(1) d'Ionstraim Aontachais 2003.
- (11) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹ agus thug an Maoirseoir tuairim an 7 Iúil 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Tarmligthe C(2023) 950 final ón gCoimisiún mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 12 Meitheamh 2026.

Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008 lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2008/146/oj>).

⁹ IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

¹⁰ Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gerích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2011/350/oj>).

¹¹ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

Airteagal 3

Is chuig Ríocht na Beilge, Poblacht na Bulgáire, Poblacht na Seice, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hEastóine, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na Cróite, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Ard-Diúcacht Lucsamburg, an Ungáir, Poblacht Mhálta, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Polainne, Poblacht na Portaingéile, an Rómáin, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice, Poblacht na Fionlainne, agus Ríocht na Sualainne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15.10.2025

Thar ceann an Choimisiúin
Magnus BRUNNER
Comhalta den Choimisiún